Parlaimint na hEorpa
2019 - 2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2020)0236

Margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise ráig COVID-19 ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meán Fómhair 2020 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear bearta le haghaidh margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise phaindéim COVID-19 (COM(2020)0260 – C9-0186/2020 – 2020/0127(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2020)0260)**,**

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0186/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 16 Iúil 2020[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 9 Meán Fómhair 2020 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2020)0127

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 17 Meán Fómhair 2020 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear bearta le haghaidh margadh iarnróid inbhuanaithe i bhfianaise ráig COVID-19

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2020/1429.)